



**General Certificate of Secondary Education
2016**

Irish
Unit 3: Listening
Higher Tier

[GIR32]

MONDAY 13 JUNE, AFTERNOON

TRANSCRIPT

Each piece heard twice unless otherwise stated on transcript

Audio “beep” to precede each question

Five second pauses unless otherwise stated on transcript

Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment
General Certificate of Secondary Education, 2016
Irish, Unit 3, Listening, Higher Tier

You will now be allowed 5 minutes to read through the paper, before the first question starts.

Pause 5 minutes

The five minute reading period has now finished and the examination will now begin. Please open your paper at question 1.

In this section you will hear a number of pieces of Irish. You should listen to these very carefully. Read each question carefully. Complete your answer by listening to the recording and follow the instructions given in the question paper. You will hear each section twice.

1 Lorcán talks about his new job.

Líosa

– A Lorcáin. Chuala mé go bhfuil post nua agat.

Lorcán

– Tá an ceart agat, a Líosa. D'éirigh mé as an phost eile mar ní raibh an pá go maith. Is fear poist mé anois.

Pause 7 seconds and repeat

Líosa

– Cén t-am a dtosaíonn tú ag obair gach maidin?

Lorcán

– Tosaím go luath. Bíim ag dul ó dhoras go doras ar a sé a chlog ar maidin. Bíim ag obair gach lá ón Luan go dtí an Aoine.

Pause 7 seconds and repeat

Líosa

– Níor mhaith liom éirí chomh luath sin.

Lorcán

– Is cuma liomsa. Is maith liom bheith ag obair go luath mar ní bhíonn trácht ar na bóithre agus bíonn Doire ciúin ag an am sin den mhaidin.

Pause 7 seconds and repeat

Líosa

– An bhfuil míbhuntáiste ar bith leis an phost?

Lorcán

– Beidh an obair iontach trom ag an Nollaig. Beidh a lán cártaí agus a lán bronntanas le tabhairt amach ag an Nollaig. Beidh mé iontach gnóthach.

Pause 7 seconds and repeat

Pause 12 seconds

2 Úna talks about her holidays.

Masc voice – A Úna, ar thaitin laethanta saoire na Cásca leat?

Úna – Thaitin. Chaith mé seachtain na Cásca i nDún na nGall.

Masc voice – An raibh tú le do chairde?

Úna – Ní raibh. Bhí mé i nDún na nGall le mo theaghlach.

Pause 7 seconds and repeat

Masc voice – Cá raibh sibh ag stopadh?

Úna – Tá teach againn i nDún na nGall. Is tógálaí m'athair agus thóg sé teach i Rann na Feirste cúpla bliain ó shin.

Pause 7 seconds and repeat

Masc voice – An raibh a lán turasóirí sa cheantar?

Úna – Bhí. Bhí a lán cuairteoirí sa cheantar ón Eoraip agus ó na Stáit Aontaithe. Bhí na siopadóirí uilig iontach sásta.

Pause 7 seconds and repeat

Masc voice – Cad é a rinne sibh i nDún na nGall?

Úna – Chuaigh muid chuig an trá gach lá agus chuaigh muid ag snámh san fharraige ach bhí an t-uisce iontach fuar.

Pause 7 seconds and repeat

Pause 12 seconds

3 You hear a telephone conversation.

F – Dia duit. Óstán Na Trá anseo.

M – Dia is Muire duit. Tá mé ag dul chuig bainis san óstán ar an naoú lá déag de Mhí Aibreáin agus ba mhaith liom seomra a chur in áirithe don oíche sin.

F – Maith go leor.

Pause 7 seconds and repeat

F – Cén sórt seomra atá de dhíth ort?

M – Seomra dúbailte, le do thoil.

F – Sílim nach bhfuil seomra dúbailte ar fáil. Caithfidh mé labhairt leis an bhainisteoir. Bomaite amháin le do thoil.

Pause 7 seconds and repeat

F – Anois, deir an bainisteoir nach bhfuil seomra dúbailte ar fáil ach tabharfaidh sé seomra teaghlaigh duit ar an phraghas chéanna.

Pause 7 seconds and repeat

M – Ar dóigh! Rud amháin eile. An bhfuil linn snámha san óstán?

F – Ar an drochuair, níl linn snámha againn anseo.

M – Is mór an trua é sin.

Pause 7 seconds and repeat

Pause 12 seconds

4 Garaí and Éadaoin discuss the Gaeltacht.

Garaí – A Éadaoin, an raibh tú riamh sa Ghaeltacht?

Éadaoin – Ní raibh mé, a Gharraí.

Garaí – Chuaigh mise chun na Gaeltachta anuraidh agus thaitin an cúrsa go mór liom.

Éadaoin – Cá fhad a mhair an cúrsa?

Garaí – Mhair an cúrsa coicís – seachtain amháin i Mí an Mheithimh agus seachtain eile i Mí Iúil.

Éadaoin – Cad é mar a bhí an lóistín?

Garaí – Bhí na tithe compordach. Bhí cúigear nó seisear ag stopadh i ngach teach agus bhí an chraic ar fheabhas.

Pause 7 seconds and repeat

Éadaoin – Cad é mar a bhí na ranganna?

Garaí – D'fhoghlaim mé cuid mhaith Gaeilge sna ranganna ar maidin agus d'fhoghlaim mé amhráin agus damhsaí fosta.

Éadaoin – An raibh spórt ar bith ann?

Garaí – Bhí. D'imir mé cluichí gach tráthnóna. Bhí a lán rudaí le déanamh san oíche – ceolchoirm nó céilí nó dioscó.

Éadaoin – An raibh a lán rialacha ag an choláiste?

Garaí – Ní raibh barraíocht rialacha ann.

Éadaoin – Cad é mar a bhí na daoine?

Garaí – Bhí gach duine cairdiúil agus ní raibh sé deacair aithne a chur ar dhaoine eile. Tá a lán cairde nua agam anois.

Pause 7 seconds and repeat

Pause 12 seconds

5 Four people talk about television programmes.

Áine

- Is mise Áine. Ní dhearna mé eacnamaíocht bhaile nuair a bhí mé ar scoil agus anois níl mé maith ag cócaireacht. Amharcaim ar chlár theilifíse le scileanna cócaireachta a fhoghlaim. Ba mhaith liom béilí blasta a ullmhú do mo theaghlach.

Pause 9 seconds and repeat

Andaí

- Is mise Andaí. Caithim gach lá ag obair in oifig agus nuair a thagaim abhaile is maith liom bheith amuigh ag obair sa ghairdín. Tá glasraí ag fás i mo ghairdín. Amharcaim ar chlár theilifíse a thugann eolas dom faoi obair sa ghairdín.

Pause 9 seconds and repeat

Dáithí

- Is mise Dáithí. Tá mé i mo chónaí i dteach mór scoite. Tá a lán seomraí againn agus is breá liom rudaí a dhéanamh deas agus compordach sa teach. Cheannaigh mé péint inné don tseomra suí. Is maith liom amharc ar chlár theilifíse faoi obair mar seo a dhéanamh sa teach.

Pause 9 seconds and repeat

Seána

- Is mise Seána. Is duine spórtúil mé ach ní amharcaim ar chlár spóirt ar an teilifís mar is fearr liom dul amach agus spórt a dhéanamh. Is maith liom clár theilifíse a thugann eolas ar thíortha eile mar is breá liom bheith ag taisteal.

Pause 9 seconds and repeat

Pause 12 seconds

6 Liam and Áine talk about a party.

Liam – A Áine, beidh m'aintín seasca bliain d'aois ag an deireadh seachtaine. Fuair mé cuireadh chuig an chóisir. Ar mhaith leat teacht liom?

Áine – Ba mhaith, cinnte, a Liam.

Pause 9 seconds and repeat

Áine – An mbeidh aithne agam ar dhuine ar bith ag an chóisir?

Liam – Beidh. Tá aithne agat ar mo chol ceathrar agus beidh seisean ag dul.

Pause 9 seconds and repeat

Liam – Cheannaigh mise cárta breithlae ach níor cheannaigh mé bronntanas di go fóill.

Áine – Is féidir liomsa bronntanas a cheannach di.

Liam – Ceart go leor.

Áine – Ceannóidh mé cumhrán di.

Liam – Cumhrán. Sin smaoineamh maith.

Pause 9 seconds and repeat

Áine – Rachaidh mé chuig an ionad siopadóireachta anois.

Liam – Tá an gluaisteán liom. Ar mhaith leat síob chuig na siopaí?

Áine – Ba mhaith, le do thoil.

Pause 9 seconds and repeat

Pause 12 seconds

7 You hear a conversation.

Eoin – A Eibhlín, fuair mé do ríomhphost ar maidin. Ní raibh a fhios agam go raibh do mháthair san ospidéal. Cad é mar atá sí?

Eibhlín – Tá sí maith go leor anois, a Eoin. Bhí sí iontach tinn Dé hAoine nuair a chuaigh sí isteach san ospidéal.

Pause 9 seconds and repeat

Eoin – Cad é a tharla di?

Eibhlín – Chuaigh sí ag siopadóireacht lena cara. Chuaigh siad leis an bhus go dtí lár na cathrach. Chaith siad tamall ina suí i gcaife ach, nuair a thosaigh siad ag dul thart ar na siopaí, mhothaigh mo mháthair lag agus thit sí i laige.

Pause 9 seconds and repeat

Eoin – An bhfuil sí san ospidéal go fóill?

Eibhlín – Tá.

Eibhlín – Dé Domhnaigh thug an dochtúir instealladh di agus tháinig biseach uirthi ach caithfidh sí fanacht san ospidéal go ceann cúpla lá eile.

Pause 9 seconds and repeat

Eoin – Rachaidh mé leat chuig an ospidéal inniu.

Eibhlín – Tá tusa iontach maith, a Eoin ach níl cead agat cuairt a thabhairt uirthi. Tá cead ag an teaghlach dul isteach chuici ach níl cead isteach ag duine ar bith eile.

Pause 9 seconds and repeat

Pause 12 seconds

	8	You hear people taking part in a survey about the environment.
<i>Fem voice</i>	–	Dia duit. Cad é an t-ainm atá ort?
<i>Róise</i>	–	Róise an t-ainm atá orm.
<i>Fem voice</i>	–	An dtugann go leor daoine aire don timpeallacht, i do bharúil?
<i>Róise</i>	–	Ní thugann. Creidim féin gur cheart do gach duine aire a thabhairt don timpeallacht ach tá a lán daoine falsa. Is féidir le gach duine rudaí simplí a dheánamh. Mar shampla, déanaim iarracht málaí a thabhairt liom i gcónaí nuair a théim ag siopadóireacht. Téim go dtí banc buidéal go rialta fosta.
<i>Fem voice</i>	–	Go raibh maith agat.
<i>Pause 9 seconds and repeat</i>		
<i>Fem voice</i>	–	Dia duit. Cad é an t-ainm atá ort?
<i>Micí</i>	–	Micí an t-ainm atá orm.
<i>Fem voice</i>	–	An dtugann go leor daoine aire don timpeallacht, i do bharúil?
<i>Micí</i>	–	Ní thugann. Tá go leor daoine ann nach smaoiníonn ar an timpeallacht. Bíonn siad gnóthach agus níl sé praiticiúl dóibh an carr a fhágáil sa bhaile agus dul leis an bhus. Tugann an carr saoirse dóibh dul áit ar bith ag am ar bith.
<i>Fem voice</i>	–	Go raibh maith agat.
<i>Pause 9 seconds and repeat</i>		
<i>Fem voice</i>	–	Dia duit. Cad é an t-ainm atá ort?
<i>Dónal</i>	–	Dónal an t-ainm atá orm.
<i>Fem voice</i>	–	An dtugann go leor daoine aire don timpeallacht, i do bharúil?
<i>Dónal</i>	–	Tugann, cinnte. Deánann níos mó daoine athchúrsáil mar tá sé níos fusa anois rudaí a athchúrsáil. Tá cúpla bosca bruscair taobh amuigh de gach teach. Tá ceann amháin ag gach duine do pháipéar agus, nuair a bhaineann daoine an féar sa ghairdín, cuireann siad sa bhosca bruscair eile é.
<i>Fem voice</i>	–	Go raibh maith agat.
<i>Pause 9 seconds and repeat</i>		

<i>Fem voice</i>	– Dia duit. Cad é an t-ainm atá ort?
<i>Nóra</i>	– Nóra an t-ainm atá orm.
<i>Fem voice</i>	– An dtugann go leor daoine aire don timpeallacht, i do bharúil?
<i>Nóra</i>	– Tugann, cinnte. Ní chaitheann daoine rudaí amach anois má tá seans ann go mbeidh daoine eile ábalta iad a úsáid. Tugann daoine a gcuid seanéadaigh do dhaoine eile. Go minic, faigheann daoine troscán ó chairde nó ó thuismitheoirí nuair a bhogann siad isteach in árasán nua nó i dteach nua.
<i>Fem voice</i>	– Go raibh maith agat.
<i>Pause 9 seconds and repeat</i>	
<i>Pause 12 seconds</i>	
	9 You hear Póilín talking about her area.
<i>Cormac</i>	– A Phóilín, chuala mé gur bhog tú go ceantar eile.
<i>Póilín</i>	– Bhog. Bhí mé i mo chónaí i ndeisceart na cathrach ach bhog mé go tuaisceart na cathrach, mí ó shin.
<i>Pause 9 seconds and repeat</i>	
<i>Cormac</i>	– An maith leat do cheantar nua?
<i>Póilín</i>	– Níl mé cinnte go fóill. Ar lámh amháin tá mé iontach sásta mar cheannaigh mo thuismitheoirí teach mór agus tá neart spáis ann. Ar an lámh eile níl mórán áiseanna ar fáil sa cheantar.
<i>Pause 9 seconds and repeat</i>	
<i>Póilín</i>	– Is í an pháirc phoiblí an t-aon áis sa cheantar. Bíonn a lán daoine sa pháirc i gcónaí.
<i>Póilín</i>	– Tá loch beag sa pháirc agus bíonn daoine ag iascaireacht ansin. Tá mise thar a bheith sásta mar tá cosán rothaíochta ansin fosta agus thig liom mo rothar a thabhairt liom chuig an pháirc.
<i>Pause 9 seconds and repeat</i>	
<i>Cormac</i>	– Tá sin go hiontach.
<i>Póilín</i>	– Agus, má tá suim ag duine ar bith dul amach ag rith go luath maidin Shathairn, buaileann daoine le chéile ar a naoi a chlog agus ritheann siad timpeall an locha.
<i>Pause 9 seconds and repeat</i>	

Cormac – An mbíonn imeachtaí mar sin ar siúl i ngach páirc i mBéal Feirste?

Póilín – Ní shílím go mbíonn. Tá an t-ádh orainn anseo. Tá muintir na háite bródúil as an pháirc.

Pause 9 seconds and repeat

Cormac – Bhí mise sa pháirc sin uair amháin agus bhí iontas orm nuair a chonaic mé na bláthanna uilig. Bhí bláthanna de gach sórt agus de gach dath ansin.

Pause 9 seconds and repeat

Póilín – Tá Comhairle na Cathrach freagrach as an pháirc agus déanann siad sár-obair. Tá mise buíoch de Chomhairle na Cathrach mar téim chuig an pháirc phoiblí gach seachtain le mo chairde.

Pause 9 seconds and repeat

Pause 12 seconds

This is the end of the recording.